

## Feirmeoirí mairteola

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi fheirmeoirí mairteola. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Béarla a chur ar na focail seo?

i gcruachás	éileamh mór	faoi chaibidil
togra géanómaíochta		beithígh
bunachar sonraí	tréad	meáchan
brabús		ag beathú

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

**Ceist 2** A. Ceangal na téarmaí Gaeilge leis na téarmaí Béarla.

bull	gamhain
heifer	tarbh
calf	bullán
bullock	bodóg

B. Déan cur síos ar na bó-ainmhithe thuas.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth a bhfuil a lán feirmeoirí mairteola i gcruachás?
2. Cad a bhí Simon Coveney a dhéanamh i gCorcaigh?
3. Cén buntáiste a bheidh ag an togra nua?
4. Cén fáth a bhfuil fearg ar fheirmeoirí ar nós Bertie O'Mahony agus John Lordon?

**Ceist 4** ‘...is beag sceitimíní atá ar fheirmeoirí...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gcló dubh sa sampla thuas?
2. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt seo, ag baint úsáide as **An** agus **Nach**:


*Is cailín maith í Máire.*

3. Cad iad freagraí na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
4. Scríobh síos freagraí na gceisteanna seo anois (dearfach agus diúltach):

*An í Máire an múinteoir?  
Nach deas an lá é?*

**Ceist 5** ‘...In iarthar na tíre...’

**A.** Líon na bearnaí ar an léarscáil.



**B.** Líon na bearnaí sna habairtí seo.

1. Tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath agus tá mé ag dul \_\_\_\_\_ go Gaillimh don deireadh seachtaine.
2. Tá mé i mo chónaí i mBéal Feirste agus tá ag dul \_\_\_\_\_ go Corcaigh amárach.
3. Tá mé i mo chónaí i Ros Muc agus tá mé ag dul \_\_\_\_\_ go Gaillimh ar an Domhnach.
4. Tá mé i mo chónaí sa Daingean agus tá mé ag dul \_\_\_\_\_ go Doire an tseachtain seo chugainn.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An feilséantóir tú? Cén fáth?
2. Ar ith tú feoil chapail riamh? An bhfuil tú cinnte?
3. Cad a cheapann tú faoin dianfheirmeoireacht?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

i gcrúachás:	<i>in a dilemma</i>
éileamh mór:	<i>big demand</i>
faoi chaibidil:	<i>discussed</i>
togra géanómaíochta:	<i>genomics initiative</i>
beithígh:	<i>beasts</i>
bunachar sonraí:	<i>database</i>
tréad:	<i>herd</i>
meáchan:	<i>weight</i>
brabús:	<i>profit</i>
ag beathú:	<i>feeding</i>

### Ceist 2

bull	tarbh (bó-ainmhí fireann nach bhfuil spochta)
heifer	bodóg (bó óg nach raibh gamhain aici fós)
calf	gamhain (bó óg)
bullock	bullán (bó-ainmhí fireann atá spochta)

### Ceist 3

1. Níl an t-éileamh céanna ar fheoil ó thairbh mar a bhí roimhe.
2. Bhí an tAire Talmhaíochta, Simon Coveney, i nDroichead na Bandan ar maidin chun an togra nua géanómaíochta mairteola a sheoladh go hoifigiúil.
3. Déanfar tástáil ar shamplaí ó bheithígh mairteola chun bunachar sonraí a bhailiú agus tabharfar na torthaí ar ais do na feirmeoirí. Beidh na feirmeoirí in ann a dtréad féin a chur i gcomparáid leis an meán náisiúnta, ó thaobh meáchain de agus ó thaobh go leor tréithe eile de freisin.
4. Ghlac feirmeoirí, ar nós na beirte sin, le comhairle saineolaithe dhá bhliain ó shin a dúirt leo go mbeadh brabús le déanamh as tairbh a thógáil. Anois, áfach, de bhrí nach bhfuil ach tairbh faoin aois sé mhí dhéag ag teastáil ó mhonarchana, ta na céadta feirmeoirí fágtha ag beathú tarbh nach féidir leo a dhíol.

### Ceist 4

1. An chopail.
2. An cailín maith í Máire? / Nach cailín maith í Máire?
3. Is ea / Ní hea
4. Is í, ní hí / Is deas, ní deas.

### Ceist 5

#### A.

I dtuaisceart na tíre

In oirthear na tíre

I ndeisceart na tíre

In iarthar na tíre

#### B.

1. Tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath agus tá mé ag dul **siar** go Gaillimh don deireadh seachtaine.
2. Tá mé i mo chónaí i mBéal Feirste agus tá mé ag dul **ó dheas** go Corcaigh amárach.
3. Tá mé i mo chónaí i Ros Muc agus tá mé ag dul **soir** go Gaillimh ar an Domhnach.
4. Tá mé i mo chónaí sa Daingean agus tá mé ag dul **ó thuaidh** go Doire an tseachtain seo chugainn.

### Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceistanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá na céadta feirmeoir mairteola, ar fud na tíre, i gcruachás faoi láthair mar gheall ar an laghad éilimh atá ar fheoil tairbh, feoil a raibh éileamh mór ag monarchana uirthi<sup>1</sup> go dtí le gairid. In iarthar Chorcaí ar maidin, gné eile den fheirmeoireacht mhairteola a bhí faoi chaibidil.

### **Grett O'Connor**

Bhí an tAire Talmhaíochta, Simon Coveney, i nDroichead na Bandan ar maidin chun an togra nua géanómaíochta mairteola a sheoladh go hoifigiúil. Déanfar tástáil ar shamplaí ó bheithigh mairteola chun bunachar sonraí a bhailiú. Tabharfar na torthaí ar ais do na feirmeoirí. Is féidir leo a dtréad féin a chur i gcomparáid leis an meán náisiúnta, ó thaobh meáchain de agus ó thaobh go leor tréithe eile freisin.

### **John McCarthy, Eolaí, ICBF**

Is é seo an chéad tír ar domhan an obair seo a dhéanamh. Agus an obair seo, cuireann sé breis eolais i lámh an fheirmeora. Agus leis an eolas seo beidh an feirmeoir in ann rogha níos fearr a dhéanamh agus i ndeireadh an lae breis airgid a chur ina phóca féin.

### **Grett O'Connor**

Ach is beag sceitimíní atá ar fheirmeoirí mairteola, Bertie O'Mahony agus John Lordon, ó Chill Bhriotáin. Ghlacadar le comhairle na saineolaithe dhá bhliain ó shin go mbeadh brabús maith le déanamh as tairbh a thógáil dá gcuid feola. Anois, tairbh faoi bhun aois a sé mhí dhéag amháin atá ag teastáil ó na monarchana. Tá Bertie agus John i measc na gcéadta ar fud na tíre atá fágtha le sé seachtaine anuas, ag beathú tarbh ba chóir a bheith díolta acu fadó. Tá seantaithí ag feirmeoirí ar a bheith á gcur féin in oiriúint d'éileamh an mhargaidh. Léiríonn cruachás na bhfeirmeoirí mairteola maidir lena gcuid tarbh cé chomh tapa is a athraíonn an margadh sin. Anois le cabhair an chórais nua ghéinitigh atá seolta inniu, ar a laghad beidh feirmeoirí in ann an brabús is mó gur féidir a dhéanamh as gach ainmhí faoina gcúram. Grett O'Connor, Nuacht TG4, i gCill Bhriotáin, i gContae Chorcaí.

---

<sup>1</sup> air a deirtear